

Ceacht 11 Tá Muid ag Dul ar Turas



Chun cuidiú le daltaí litearthacht chriticiúil a úsáid ar a mbarúlacha agus ar phríomhtheachtaireachtaí na meán



Ag fiosrú faoi dhearcthaí
Ag ceistiú agus ag cáineadh a mbarúlacha féin
Ag déanamh taighde
Ag fiosrú agus ag cáineadh príomhtheachtaireachtaí na meán



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 12
Lipéid agus íomhánna do Tá Muid ag Dul ar Turas
Rochtain Idirlín do thasc taighde an dalta



Gníomhaíocht 1: 30 - 40 nóiméad
Gníomhaíocht 2: 30 - 40 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

- Ag forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
- Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smaointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag dul ar turas samhailteach ar thraein
- Taispeáin na híomhánna agus lipéid ó Acmhainn Tacaíochta 12 do na daltaí ach bíodh na híomhánna béal faoi. Níor cheart do na daltaí ach taobh scríbhneoireachta an lipéid a fheiceáil. Abair leo gan an lipéad a thiontú nó go millfidh sé an turas
- Mínigh nach bhfuil mórán spásanna fágtha ar an traein agus go gcaithfidh siad duine a phiocadh ar mhaith leo suí in aice leis
- Iarr orthu amharc ar gach lipéad agus an duine a phiocadh ar mhaith leo suí in aice leis. Cuir i gcuimhne dóibh arís, gan an lipéad a thiontú
- Nuair atá an duine piochta acu ar mhaith leo suí in aice leis, iarr orthu smaoineamh cad chuige a ndearna siad an rogha seo
- Nuair atá an píosa thuas críochnaithe, iarr ar na daltaí duine a phiocadh nár mhaith leo suí in aice leis
- Nuair atá an duine piochta acu nár mhaith leo suí in aice leis, cuir na Ceisteanna Spreagthacha thuas orthu arís
- Nuair atá plé go leor déanta ar na ceisteanna thuas, thig leis na daltaí na lipéid a thiontú chun níos mó a fheiceáil agus a chloisteáil faoina roghanna

Ceisteanna spreagthacha

Ceisteanna spreagthacha

- An raibh tionchar ag rud ar bith ar do rogha?
- Cén cuma a bheas ar an duine / na daoine, an dóigh leat?
- Cad é a bheas tú féin agus an duine / na daoine ag labhairt faoi, an dóigh leat?
- Cad é mar a mhothaigh tú nuair a chonaic tú an íomhá agus an t-eolas?
- An athrófa d'intinn anois?
- Cén sórt barúlacha a bhí agat gan cheist nuair a rinne tú na roghanna sa chéad dul síos (m.sh. faoi aois, inscne, cumas srl.)?
- Cá as a dtagann na barúlacha seo?
- An dóigh leat go mbíonn barúlacha gan cheist ag daoine faoi dhaoine óga ar comhaois leatsa?
- An dóigh leat gur féidir le barúlacha gan cheist dochar a dhéanamh nó a bheith diúltach? Cad chuige / Cad chuige nach dóigh leat?

Gníomhaíocht 2

Cuid A

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag smaoinemh faoin dóigh a ndéanann muid na barúlacha seo
- Abair leo go scairtfidh tú sraith ráiteas amach
- Ba cheart dóibh 'Ordóg a chur Suas' má aontaíonn siad leis an ráiteas, 'Ordóg a chur Síos' má easaontaíonn siad, nó a méara a chasadh má tá siad 'Áit Éigin idir Eatarthu'
- Idir gach ráiteas, spreag na daltaí chun cúiseanna s'acu a mhíniú a bheith 'ag aontú', 'ag easaontú' nó a bheith 'áit éigin idir eatarthu'

Róitis

- Nuair a chloisim faoin Afraic ar an Teilifís nó ar líne, smaoiním i gcónaí faoin ocras
- Ta ionadaíocht mhaith ag daoine óga cosúil liom ar an Teilifís
- I dtionscal na scannán, bíonn deis ag mná agus fir na cineálacha céanna róil a dhéanamh
- Cloisim a lán scéalta dearfacha faoi dhaoine as tíortha eile ar mo Theilifís agus ar mo ríomhaire glúine
- Bíonn poist mhaithe ag daoine faoi mhíchumas ar an Teilifís
- Bíonn scéalta ar mo Theilifís agus ar mo ríomhaire glúine faoi dhaoine a dhéanann rudaí iontacha chun an domhan a athrú
- Bíonn na bréagáin chéanna do bhuachaillí agus do chailíní sna fógraí ar an Teilifís

Cuid B

- Roinn na daltaí i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar
- Tabhair ceann de na híomhánna ó Acmhainn Tacaíochta 12 do gach grúpa
- Mínigh dóibh gur cheart do gach grúpa taighde a dhéanamh ar na daoine san íomhá chun 3 fhíríc shuimiúil a fháil amach
- Nuair atá sin déanta, ba cheart do gach grúpa na fírící a roinnt leis an rang san iomlán

Leid

Cuir i gcuimhne do na daltaí a bheith ag éisteacht go gníomhach le tuairimí daoine eile agus meas a thaispeáint fiú mura n-aontaíonn siad le rud éigin. Cuidíonn seo le timpeallacht a chruthú inarbh fhéidir leis na daltaí plé sábháilte agus measúil a dhéanamh. Is féidir leat na Bunphrionsabail (aontaithe i gCeacht 1) a chur i gcuimhne do na daltaí más maith leat, agus is féidir cuid de na cleachtaí ón Zón Acmhainneach a dhéanamh idir gach gníomhaíocht fosta